An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

# Ráiteas Straitéise

## 2025-2028



# Réamhrá an Aire



**Le blianta beaga anuas, léirigh ár ngeilleagar agus ár margadh fostaíochta athléimneacht shuntasach trí fheidhmíocht gheilleagrach agus jabchruthú eisceachtúil. Chuir an rath seo ar chumas an Rialtais infheistíocht gan fasach a dhéanamh i seirbhísí a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéil rathúnais a fheabhsú do gach duine ar fud na tíre. É sin ráite, ní féidir linn a bheith réchúiseach agus ní mór dúinn borradh a chur faoinár n-iarrachtaí chun leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn atá á dhéanamh againn. Táimid ag maireachtáil i dtréimhse ina bhfuil athrú domhanda suntasach ag tarlú, ina bhfuil teannas geopholaitiúil ag dul i méid mar aon le héiginnteachtaí trádála, agus brúnna costais leanúnacha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí móra agus beaga.**

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise nua seo cosán soiléir chun cabhrú le rathúnas phobal na hÉireann a shlánú sna blianta amach romhainn. Tugtar gealltanas sa Chlár Rialtais maidir lenár n-iomaíochas a fheabhsú i ndomhan atá ag athrú; poist a chosaint agus tacú le gnólachtaí; agus na gníomhartha riachtanacha a dhéanamh chun fiontair Éireannacha a ullmhú do dhúshláin nua agus chun deis a thabhairt d'Éirinn a bheith chun tosaigh maidir le treochtaí geilleagracha nua. Éileoidh sé seo tacaíocht shaincheaptha d'fhiontair de gach méid, agus éileoidh sé infheistíocht i nuálaíocht, táirgiúlacht, digitiú, dícharbónú agus bonneagar.

Táimid, agus beimid, ag feidhmiú mar gheilleagar oscailte, trádála ag croílár na hEorpa. Tá mé tiomanta a chinntiú go leanfaidh an tionchar atá againn ag fás roimh agus i rith ár dtréimhse Uachtaránachta in 2026. Cuirfimid obair i gcrích chun éifeachtaí nádúr athraitheach na trádála a mhaolú trí Éire a chur chun cinn mar shuíomh den scoth le haghaidh infheistíochta, fiontraíochta agus jabchruthúcháin. Beidh guth láidir ag an Roinn seo ar fud an Rialtais chun a chinntiú go bhfuil na beartais, scileanna agus an bonneagar ceart bunaithe againn chun tacú le fás inbhuanaithe.

Is é seo an chéad Ráiteas Straitéise atá curtha i dtoll a chéile ag mo Roinn a bhfuil beartas Turasóireachta san áireamh ann, pointe a leagan béim ar thábhacht na hearnála mar phríomhthiománaí geilleagrach agus mar fhostóir inár n-oileán comhroinnte. Creidim go bhfuil deiseanna ollmhóra ann do chúrsaí fiontair agus turasóireachta in Éirinn, agus tá mé tiomanta fós do ghnólachtaí a chruthú a sholáthraíonn poist i ngach baile agus sráidbhaile ar fud na hÉireann. I dteannta le mo chomhghleacaithe, an tAire Stáit Alan Dillon TD agus an tAire Stáit Niamh Smyth TD, tá mé ag súil le bheith ag obair i ndlúthpháirt le foireann na Roinne, a hoifigí agus gníomhaireachtaí agus i gcomhpháirt lenár bpáirtithe leasmhara chun an straitéis seo a chur chun feidhme agus chun ár bhfís - a chinntiú gurb í Éire an áit is fearr chun a bheith ag obair, chun a bheith i mbun gnó agus chun cuairt a thabhairt uirthi - a bhaint amach.

**Peter Burke TD**
An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

# Brollach an Ard-Rúnaí



**Déantar cur síos sa Ráiteas Straitéise seo ar ár misean chun deis agus rathúnas a sholáthar do gach duine trí dhlús a chur le geilleagar iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe a thacaíonn le fiontraíocht, turasóireacht agus fostaíocht i ngach réigiún in Éirinn. Tá sé riachtanach na gealltanais a tugadh sa Chlár don Rialtas a chomhlíonadh, bunús na Straitéise seo, chun feabhas a chur ar ár n-iomaíochas agus ar ár dtáirgiúlacht náisiúnta agus chun poist ar ardchaighdeán a mhéadú agus a choimeád. Tá ár sé sprioc straitéiseacha dírithe ar an dá aidhm sin, agus tá béim á leagan ar thacú le timpeallacht ghnó sheasmhach d'fhiontair atá lonnaithe in Éirinn agus infheistíocht a mhealladh do nuálaíocht cheannródaíoch.**

Mar Roinn, tá cuspóir agus uaillmhian athnuaite againn maidir leis an méid oibre is féidir a dhéanamh. Is iad ár mbaill foirne an tsócmhainn is fearr atá againn. Tá sé mar aidhm againn feidhmiú mar rogha fostóra agus na daoine is cumasaí a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád chun ár misean a chomhlíonadh. Táimid ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach inár gcuid oibre ar fad, díriú ar fheabhas leanúnach chun ár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh go héifeachtach, agus tairbhe a bhaint as Straitéis Seirbhísí Corparáideacha nua chun tacú le seachadadh.

Thar shaolré na Straitéise seo, tacóimid le caidreamh dearfach san ionad oibre, timpeallachtaí oibre sábháilte agus beartas um imirce eacnamaíoch fhreagrach a bheidh ailínithe le riachtanais an gheilleagair. Soláthróimid cinnteacht don tionscal trí rialacháin éifeachtacha agus shimplithe, tacóimid le margaí oscailte agus iomaíocha, agus feabhsóimid leas tomhaltóirí. Leanfaimid ar aghaidh ag obair ar fud an Rialtais agus i dteannta lenár n-oifigí, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara chun tacú lenár nAirí na gealltanais sin a chomhlíonadh. Beidh Éire ag feidhmiú mar Uachtarán ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2026 agus cuspóir lárnach don tréimhse amach romhainn is ea síneadh agus forbairt ár rannpháirtíochta agus tionchair san Eoraip agus ar fud an domhain. Trí bheith ag díriú ar Chlár an Rialtais, ar an bPlean Gníomhaíochta d'Iomaíochas agus do Tháirgiúlacht, ar an bPlean Gníomhaíochta um Éagsúlú Margaidh agus ar ár mbeartas fiontraíochta nua, Fiontraíocht 2035, éireoidh linn dlús a chur lenár n-uaillmhianta glasa agus digiteacha, agus ár misean a bhaint amach.

Tá an Straitéis seo bunaithe ar ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus le baill foirne chun a chinntiú go bhfuil tuiscint eolasach againn ar na dúshláin agus na deiseanna atá amach romhainn. Nuair a bhí an Straitéis á forbairt, tugadh aird chuí freisin ar ár ról i ndáil le dlús a chur le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA. Beidh ár modh cur chun feidhme bunaithe ar bhéim leanúnach ar sheachadadh agus ar thionchar. Déanfar tuairisciú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil lenár spriocanna inár dtuarascáil bhliantúil agus i gcomparáid le raon táscairí feidhmíochta atá ailínithe lenár dTuarascáil Feidhmíochta Seirbhíse Poiblí agus leis an Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe.

**Declan Hughes**
Ard-Rúnaí
An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

# Fís, Misean agus Spriocanna

## Fís

A chinntiú go mbeidh Éire ag feidhmiú mar phríomhionad chun a bheith ag obair ann, i mbun gnó ann agus chun cuairt a thabhairt air.

## Misean

Deis agus rathúnas a sholáthar do chách trí dhlús a chur le geilleagar iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe a thacaíonn le fiontraíocht, turasóireacht agus fostaíocht i ngach réigiún in Éirinn. Cuirfimid obair i gcrích chun na coinníollacha a theastaíonn d'fhorbairt agus d'infheistíocht inbhuanaithe i bhfiontair, poist agus áiteanna oibre ar ardchaighdeán, margaí cothroma agus iomaíocha, agus nuálaíocht, a chruthú. Neartaíonn an obair atá á déanamh againn na naisc atá bunaithe ag Éirinn leis an AE agus leis an domhan mór, rud a leathnaíonn ár ngnó agus trádáil ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe.

## Spriocanna

Thar shaolré na straitéise seo, chun ár bhfís agus ár misean a bhaint amach, beidh obair na Roinne á treorú ag sé sprioc leathana. Beidh ár bhfoirne nuálacha, tiomanta agus comhoibritheacha, a bhfuil éiteas seirbhíse poiblí láidir de mheas agus d'ionracas acu, freagrach as dlús a chur le forbairt agus feidhmiú beartais atá éifeachtach agus freagrach.

**1**

Dlús a chur le hiomaíochas, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht, athléimneacht an gheilleagair a fhorbairt.

**2**

Dlús a chur le rathúnas agus le hardchaighdeáin mhaireachtála trí phoist ar ardchaighdeán a chruthú agus a choimeád agus trí tháirgiúlacht mhéadaithe.

**3**

Turasóireacht a neartú agus tacú le fiontair lonnaithe in Éirinn chun tosú ag feidhmiú, chun scálú agus chun dul san iomaíocht ag leibhéal idirnáisiúnta.

**4**

An timpeallacht is iomaíche agus is féidir a chur ar fáil chun infheistíocht isteach a mhealladh agus a choinneáil, atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh nuálaíochta de.

**5**

Rialachán tomhaiste, cinnte agus oiriúnach do nuálaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí, d'oibrithe agus do thomhaltóirí.

**6**

Tacú le luachanna na hÉireann agus ár gcaidreamh agus tionchar le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta a neartú.

# Dlús a chur le hiomaíochas, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht, agus athléimneacht an gheilleagair a fhorbairt ag an am céanna

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Plean Gníomhaíochta Uile-Rialtais a chur ar fáil agus a úsáid d'Iomaíochas agus do Tháirgiúlacht chun a chinntiú go mbeidh Éire ag feidhmiú mar an timpeallacht is tacúla do ghnólachtaí Éireannacha agus mar an suíomh is mealltaí do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'infheistíocht isteach.

- Fiontraíocht 2035 a fhorbairt mar uaillmhian fhadtéarmach d'fhás fiontar agus do jabchruthú as seo go ceann deich mbliana, ag cur leis an bPáipéar Bán ar an bhFiontraíocht.

- Obair a dhéanamh ar fud an Rialtais chun infheistíocht straitéiseach chost-éifeachtúil a fháil a sholáthraíonn éiceachóras iomaíoch agus oiriúnach don todhchaí do scileanna, nuálaíocht agus bonneagar fisiciúil.

- An úsáid a bhaintear as maoiniú na Roinne faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a bharrfheabhsú trí dhíriú ar phoist agus ar fhiontraíocht, forbairt fiontar, nuálaíocht agus forbairt turasóireachta.

- An leibhéal taighde agus forbartha inár mbonn fiontraíochta a mhéadú, an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, agus cláir eile, a bhfuil sé mar aidhm leo nuálaíocht i bpríomhearnálacha a mhéadú.

- Forbairt a dhéanamh ar phríomhearnálacha geilleagracha agus infheistíocht a dhéanamh iontu, lena n-áirítear straitéisí nua maidir le leathsheoltóirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, eolaíochtaí na beatha agus turasóireacht, agus comhar agus comhghníomhaíocht a éascú faoi Chlár Náisiúnta Braislithe nua.

- Ionaid Teicneolaíochta na hÉireann a mhéadú in earnálacha fiontair tosaíochta chun dlús a chur le TF&N comhoibríoch in FBManna agus chun cuideachtaí IDC ardfháis a bhunú in Éirinn.

- Infheistíocht a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh Éire ag feidhmiú mar ionad barr feabhais AE do shaineolas sa rialachán digiteach.

- Dlús a chur le haistriú digiteach fiontar atá lonnaithe in Éirinn, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as IS agus trí acmhainn chibearshlándála a fhorbairt.

- A chinntiú go mbaineann gnóthaí beaga déine dhigiteach bhunúsach de 90% amach faoi 2030 le tacaíocht ónár Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha.

- Dlús a chur le feasacht níos fearr ar na buntáistí ar fad a bhaineann le digitiú, lena n-áirítear IS, chun táirgiúlacht gnólachtaí Éireannacha a mhéadú, agus chun a chinntiú go gcabhraítear go cuí le gnólachtaí beaga chun glacadh leis an teicneolaíocht dhigiteach.

- Ar aon dul le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, dlús a chur leis an aistriú glas i bhfiontar trí threochláir dhícharbónaithe a sholáthar; Plean um Oiriúnú don Athrú Aeráide don Earnáil Turasóireachta; tacaíochtaí agus dreasachtaí éifeachtacha a chur ar fáil, agus; Straitéis Thionsclaíoch um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta agus Gníomh um Thionscal Glan-Nialasachta an AE a chur chun feidhme.

- Comhoibriú idir IDC agus gnólachtaí Éireannacha a neartú agus a mhéadú, agus díriú go háirithe ar dhigitiú agus ar an aistriú glas.

- Ar aon dul le Plean Gníomhaíochta um Éagsúlú Margaidh an Rialtais, tacú le Turasóireacht Éireann chun gníomhaíocht chomhpháirtíochta straitéiseach a fhorbairt chun lántairbhe a bhaint as deiseanna fáis i margaí nua agus i margaí atá ag forbairt thar lear.



# Dlús a chur le rathúnas agus le hardchaighdeáin mhaireachtála trí phoist ar ardchaighdeán a chruthú agus a choimeád agus trí tháirgiúlacht mhéadaithe

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Cur ar chumas Fiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla a gcuid sainorduithe a chomhlíonadh chun cur ar chumas gnólachtaí tosú agus fás, fostaíocht agus gníomhaíocht gheilleagrach a chruthú agus a choimeád ar bun i ngach réigiún in Éirinn.

- Iomaíochas, nuálaíocht agus barr feabhais ár dtionscal turasóireachta agus gaolmhar a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear na hearnálacha bia agus dí tríd an obair forbartha atá á déanamh ag Fáilte Éireann, chun gairmeacha inbhuanaithe agus fiúntacha a chur ar fáil i ngach réigiún.

- Ráiteas beartais fiontair réigiúnaigh a fhorbairt chun cur chuige comhleanúnach maidir le forbairt fiontair réigiúnaigh a leagan amach; pleananna fiontair réigiúnaigh nua a fhoilsiú agus acmhainní a chur ar fáil ina leith, speisialú cliste a mhéadú, maoiniú a chur ar fáil d'fhorbairt fiontair réigiúnaigh agus machnamh a dhéanamh ar Chriosanna Forbartha Straitéiseacha a fhorbairt sna réigiúin.

- Tacú le tionscnaimh ríomh-ionchuimsithe le comhpháirtíochtaí áitiúla comhoibritheacha gnólachtaí níos mó a roinneann smaointe agus a chomhordaíonn iarrachtaí chun tacú le gnólachtaí níos lú chun úsáid agus tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus IS.

- Trádáil thrasteorann agus turasóireacht uile-oileáin a neartú, agus comhoibriú Thuaidh-Theas a chothabháil chun an geilleagar uile-oileáin a fheabhsú, cuspóirí an Oileáin Chomhroinnte a chomhlíonadh, agus tacú le fás geilleagrach i suíomhanna teorann straitéiseacha, lena n áirítear trí thacaíochtaí gnó arna soláthar ag Idir-Thrádáil Éireann.

- Cur ar chumas GFT Éireann dlús a chur lena Clár Réadmhaoine Réigiúnach agus tacú le deiseanna réigiúnacha agus iad a uasmhéadú le níos mó ná leath de na hinfheistíochtaí isteach ar a laghad a bheith lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

- Beartas Turasóireachta náisiúnta nua a fhoilsiú agus a chur chun feidhme chun dlús a chur le hioncam a bhaineann le turasóireacht agus le líon na ndaoine atá fostaithe i ngach réigiún agus tacú le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann a gcuid cuspóirí a ailíniú agus an Beartas a chur i gcrích.

- Infheistíocht a dhéanamh i margaíocht turasóireachta agus i bhforbairt táirgí turasóireachta chun ár spriocanna fáis a chomhlíonadh, lena n áirítear infheistíocht i dtionscadail turasóireachta athspreagthaí i Lár na Tíre le cabhair ó Chiste um Aistriú Cóir an AE.

- Leanúint ar aghaidh le plé dearfach leis na comhpháirtithe sóisialta chun tacú le poist ar ardchaighdeán, caidreamh tionsclaíoch comhchuí, táirgiúlacht, cobhsaíocht agus athrú tionscail i rith tréimhsí athraithe.

- Tús áite a thabhairt dár gcóras imirce scilbhunaithe chun daoine cumasacha nua a mhealladh chun freastal ar riachtanais scileanna; athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais scileanna criticiúla agus ar róil incháilithe do cheadanna fostaíochta; córas maidir le ceadanna fostaíochta a fháil atá níos áisiúla a fhorbairt; oibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar an bhféidearthacht a bhaineann le nós imeachta iarratais aonair a fhorbairt; tacú le tionchar dearfach scileanna iomaíocha agus eispéireas inár ngeilleagar trí ascnamh comhthreomhar le forbairt scileanna sa bhaile.

- Tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhiontraithe agus d'fhiontair atá inrochtana do chách agus obair a dhéanamh ar fud an Rialtais chun deiseanna fostaíochta daoine atá faoi mhíchumas a fheabhsú.

# Turasóireacht a neartú agus tacú le fiontair atá lonnaithe in Éirinn chun tosú ag feidhmiú, chun méadú agus chun dul san iomaíocht ag leibhéal idirnáisiúnta

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Tacú le trádáil idirnáisiúnta, an bonn easpórtála a leathnú agus a neartú, cabhrú le cuideachtaí Éireannacha chun a bheith ag fás go hinbhuanaithe agus chun margaí easpórtála a éagsúlú agus "Ciste um Éagsúlú Margaidh agus Athléimneacht" a bhunú, chun tacú le fiontair a raibh tionchar ag cur isteach trádála orthu.
- Cur ar chumas Straitéis Fiontraíocht Éireann 2025-2029 tacú le cuideachtaí easpórtála Éireannacha chun tosú, chun dul san iomaíocht, chun méadú agus chun nasc a bhunú, agus é mar uaillmhian fhadtéarmach a chinntiú go mbeidh cuideachtaí Éireannacha easpórtála ag feidhmiú mar phríomhthiománaí de gheilleagar na hÉireann.
- Fóram Comhairleach um Chostas Gnó a bhunú agus tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar chostais do FBManna agus do mhicreafhiontair chun maolaitheoirí costais éifeachtacha a shainaithint.
- Tacú leis an Aonad um Ghnólachtaí Beaga nua chun díriú ar Thástáil FBM a chur chun feidhme go docht.
- Faisnéis agus rochtain ar dheontais agus ar thacaíochtaí do ghnólachtaí a shimpliú agus a chuíchóiriú tríd an Mol Náisiúnta Fiontair.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí curtha ar fáil ag Fiontraíocht Éireann agus ag na hOifigí Fiontair Áitiúla chun a chinntiú go bhfuil siad spriocdhírithe, éifeachtach, éasca le húsáid agus in úsáid.
- Tacú le agus tairbhe a bhaint as úsáid tháirgiúil IS i gcuideachtaí chun a chinntiú go mbaintear lántairbhe as na buntáistí a bhaineann leis.
- An bhearna san airgead atá ar fáil do ghnólachtaí ar mian leo méadú a laghdú. Meicníochtaí a bhunú ionas gur féidir le FBManna Éireannacha rochtain a fháil ar airgeadas agus a ngnólachtaí a mhéadú go héifeachtach trí fhiontar a dhreasú tuilleadh agus trí infheistíocht chothromais.
- Comhlacht comhordúcháin lárnach a dhéanamh de Start-up Ireland chun ailíniú agus comhoibriú a fheabhsú i dtimpeallacht náisiúnta na ngnólachtaí nuathionscanta.
- Infheistíocht i dtráchtálú a mhéadú le Fiontraíocht Éireann trí Chiste Tráchtálaithe, Tionscnamh na Nuálaithe agus modhanna eile, chun dlús a chur le forbairt mac-chuideachtaí ó thaighde atá á mhaoiniú go poiblí mar ghnólachtaí nuathionscanta nua, a chruthaíonn an chéad ghlúin eile de Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne nuálacha ó thaighde.
- Tacú le fiontair thurasóireachta a bheidh réidh don mhargadh i dtimpeallacht iomaíoch.

# An timpeallacht is iomaíche agus is féidir a chur ar fáil chun infheistíocht isteach a mhealladh agus a choinneáil, atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh nuálaíochta de

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Cur ar chumas Straitéis um Oiriúnú Cliste GFT Éireann 2025-29 Infheistíocht Dhíreach Choigríche a mhealladh agus a choimeád ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta, infheistíocht a choimeád agus a fhorbairt agus deiseanna réigiúnacha a uasmhéadú.

- Obair a dhéanamh ar fud an Rialtais chun a chinntiú go gcabhraíonn coinníollacha an chreata d'fhiontar, do bhonneagar agus do dhaoine cumasacha Éire a ainmniú mar an suíomh is fearr d'infheistíocht dhíreach choigríche, lena n-áirítear trí Éire a bhunú mar ionaid saineolais AE don rialachán digiteach.

- Tacú le Fiontraíocht Éireann chun IDC a mhealladh sna hearnálacha cothaithe bia agus dí, píblíne de thionscadail an-nuálach a fhorbairt bunaithe ar an mbonn reatha agus ar IDC nua.

- Nuálaíocht cheannródaíoch a mhéadú agus TF&N a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh in Éirinn, lena n-áirítear oibriú i gcomhpháirt le Taighde Éireann agus le hIonaid um Oiliúint Taighde, agus oibriú i gcomhpháirt le cliaint chun tairbhe a bhaint as deiseanna a bhaineann le hionstraimí AE nua agus iad siúd atá á bhforbairt fós amhail Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (TTLEC).

- Cur ar chumas GFT Éireann oibriú i gcomhpháirt le hinfheisteoirí agus le cuideachtaí idirnáisiúnta chun iomaíochas a gcuid oibríochtaí Éireannacha a mhéadú trí infheistíocht i nuálaíocht, digitiú, forbairt daoine cumasacha agus inbhuanaitheacht.

- Tacú le hinfheistíocht sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna in Éirinn.

- Athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar fhorbairt bhunachar talún GFT Éireann lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar shaoráidí ard déantúsaíochta nua i suíomhanna straitéiseacha, réigiúnacha.

- Suíomhanna na Chéad Ghlúine Eile a fhorbairt chun cuideachtaí a mhealladh a bhfuil suíomhanna ar scála móra á lorg acu agus deis a thabhairt d'Éirinn dul in iomaíocht le haghaidh infheistíochta agus an buntáiste iomaíoch ar fud an domhain a neartú.

- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann go meallfadh Páirceanna Tionsclaíocha Fuinnimh Ghlais infheistíochtaí mórscála a bheidh comhshuite le giniúint in-athnuaite fad is atá úsáid á baint aisti.

- Plean Gníomhaíochta Mórúsáideoirí Fuinnimh 2030-2035 a fhorbairt agus soiléire a thabhairt maidir le beartais um fhorbairt agus nascadh ionad sonraí.

- Oibriú le GFT Éireann, fiontair, páirtithe leasmhara agus ar fud an Rialtais chun a chinntiú gur rogha suímh í Éire d'fhiontair atá á gcumhachtú ag fuinneamh glas agus atá cumasaithe go digiteach.

- Oifig IS náisiúnta nua a bhunú mar phointe fócais chun glacadh le agus chun tacú le hintleacht shaorga, ina gcuimsítear rialachán, infheistíocht, nuálaíocht agus imlonnú agus óstáil bosca gainimh rialála. Chomh maith leis sin, feidhmeoidh an Oifig mar údarás lárnach agus comhordúcháin do Ghníomh IS an AE in Éirinn.

- Tacú leis an obair atá á déanamh ag Turasóireacht Éireann chun gnólachtaí turasóireachta áitiúla as ar fud oileán na hÉireann a nascadh le tionscnóirí turas agus eagraithe imeachtaí isteach, a d'fhéadfadh cuairteoirí a thabhairt chuig ár n-oileán ar scála mór.



## Rialachán tomhaiste, cinnte agus oiriúnach do nuálaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí, d'oibrithe agus do thomhaltóirí

### Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Ár dtimpeallacht rialála gnó a fheabhsú, trí dheireadh a chur le hualaí rialála nó riaracháin neamhriachtanacha ar ghnó agus chun cur chun feidhme na Tástála FBM ar fud an Rialtais a fheabhsú chun a chinntiú go bhfuil ualaí riaracháin agus costais íoslaghdaithe nó maolaithe.
- A chinntiú go gcosnaíonn ár dtimpeallacht rialála gnó tomhaltóirí, go dtacaíonn sí le caighdeáin éifeachtacha d'fhiontar agus d'fhostaithe, agus go spreagtar infheistíocht sa gheilleagar.
- Tacú leis an gclár oibre simplithe agus laghdaithe ualaí ag leibhéal Eorpach, chun iomaíochas gnólachtaí in Éirinn a uasmhéadú.
- Tacú le heaspórtálaithe Éireannacha chun feasacht a mhúscailt, saineolas a fhorbairt agus cabhrú leo chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi rialacháin rialaithe easpórtála náisiúnta agus AE agus Bearta Sriantacha AE (smachtbhannaí), agus díriú ar ghníomhartha forfheidhmithe do shárú gaolmhar i dteannta le húdaráis náisiúnta eile nuair is gá.
- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais a threisiú chun a sainorduithe reachtúla a sheachadadh. Plean Gníomhaíochta maidir le Cómhargáil a fhoilsiú.
- Tacú leis an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún um Pá Íseal, reachtaíocht maidir le cearta fostaíochta a fheabhsú agus tacú le socruithe oibre a théann chun tairbhe oibrithe agus fostóirí.
- Oibriú leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun a chinntiú gur ann do chóras sábháilteachta ceirde agus sláinte láidir agus creat rialála éifeachtach do cheimiceáin.
- Tacú leis an obair atá á déanamh ag Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí agus ag Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Fostaíochta chun a chinntiú go bhfuil dlí cuideachtaí agus dlí fostaíochta faoi seach oiriúnach dá gcuspóir agus go n-éascaíonn siad fiontraíocht agus fostaíocht.
- Tacú le creat rialála digiteach agus IS a chinntíonn go bhfuil cothromaíocht ann i ndáil le nuálaíocht a spreagadh agus rioscaí féideartha do dhaoine aonair agus don tsochaí a mhaolú ag an am céanna, agus go bhfuiltear ag tacú le glacadh agus le forbairt straitéiseach agus eiticiúil IS in Éirinn.
- Creat dlí nuashonraithe a bhunú don tsamhail chomhoibritheach.
- Tacú leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus leis an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta chun obair éifeachtach a dhéanamh i ndáil lena sainorduithe reachtacha faoi seach.
- Tabhairt faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus a chinntiú go bhfuil córas iniúchta agus cuntasaíochta éifeachtach in úsáid in Éirinn
- Cur ar chumas an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a shainordú reachtúil a sholáthar fad is atá reachtaíocht cosanta tomhaltóirí á neartú agus fad is go bhfuiltear ag tacú le forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta.
- Oibriú leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil teastais rialála uileghabhálacha á n-eisiúint go tráthúil, go bhfuil rialacháin na hÉireann á gcomhchuibhiú le rialacháin an AE chun deiseanna margaidh nua a oscailt.
- An obair atá á déanamh ag Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann a chumasú agus forbairt a dhéanamh ar chearta maoine intleachtúla trí reachtaíocht nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla do chógais chun dlús a chur le nuálaíocht agus le hiomaíochas.
- Tacú le tionscnaimh Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheacht mar phríomhcholún d'iomaíochas fiontraíochta agus chun tacú leis an obair atá á déanamh ag Balance for Better Business.
- Reachtaíocht a fhorbairt chun creat dlí a bhunú chun bearta rialála nua a chur chun feidhme san earnáil ligean ar cíos gearrthéarmach.
- Reachtaíocht a fhorbairt i réimsí a bhaineann le cosaint dócmhainneachta, aois scoir, Obair Ardáin agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha.
- An Bille um Chlárú Ainmneacha Comhpháirtíochtaí Teoranta agus Ainmneacha Gnó, chun an córas dlí atá infheidhme i ndáil le comhpháirtíochtaí teoranta a nuachóiriú agus chun áisiúlacht úsáid na huirlise dlí seo a éascú.

# Tacú le luachanna na hÉireann agus ár gcaidreamh agus tionchar le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta a neartú

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le trádáil saor in aisce, oscailte agus le slándáil eacnamaíoch chun tacú le samhail gheilleagrach na hÉireann, ag obair ar fud an Rialtais agus lenár gcomhpháirtithe san AE chun bacainní ar thrádáil a shainaithint agus a bhaint, go háirithe i seirbhísí, chun Margadh Aonair AE atá ag feidhmiú go hiomlán a sholáthar ar mhaithe lenár n-onnmhaireoirí, ár ngnólachtaí agus tomhaltóirí eile.
- Ról ceannais a ghlacadh i ndáil le Plean Gníomhaíochta nua an Rialtais um Éagsúlú Margaidh a chur chun feidhme.
- Straitéis Trádála agus Infheistíochta Rialtais nua a fhoilsiú de réir straitéisí réigiúnacha agus tíre Éire Dhomhanda 2040.
- Oibriú lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun comhghuaillíochtaí a fhorbairt agus a neartú chun beartais, caighdeáin, rialachán agus comhaontuithe atá á bhforbairt agus a bhfuil tionchar acu ar thimpeallacht gheilleagrach na hÉireann a mhúnlú; mar chuid den obair seo, uasmhéadóimid an tionchar a bheidh ag Uachtaránacht AE na hÉireann in 2026.
- Dúshlán iomaíochais an AE a mhúnlú ar bhealach a théann chun tairbhe saoránach Eorpach agus Éireannach, a laghdaíonn maorlathas neamhriachtanach i dTreoracha agus Rialacháin AE, agus a chinntíonn go gcuirtear rialacha Státchabhrach i bhfeidhm ar bhealach cothrom.
- Oibriú le comhpháirtithe AE chun a chinntiú go bhfuil sé ar chumas na hÉireann agus an AE tairbhe a bhaint as an bhféidearthacht nuálaíochta agus infheistíochta a bhaineann le teicneolaíochtaí nua amhail IS, agus ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil cearta príobháideachais agus cearta bunúsacha eile á gcosaint agus go bhfuil rannpháirtíocht na hÉireann leis an ngrúpa D9+ á treorú.
- A chinntiú go bhfuil gnólachtaí Éireannacha ag feidhmiú de réir fhorbairt na gcaighdeán Domhanda do shlándáil agus do Ghnó Freagrach agus tacú le smachtbhannaí in aghaidh tíortha a bhfuil iarracht á déanamh acu an bonn a bhaint ó dhaonlathas Eorpach.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar staid na hÉireann san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, Comhairle na hEorpa agus G20 chun tionchar a imirt ar fhorbairt beartais i réimsí amhail turasóireacht, IS agus cearta fostaíochta.
- Ballraíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa a uasmhéadú agus tacú le fás na hEarnála Fiontair Spáis agus Slándála in Éirinn.
- Misin trádála agus turasóireachta a eagrú agus a reáchtáil ar fud an domhain chun naisc atá bunaithe cheana féin a neartú agus chun naisc agus deiseanna nua a fhorbairt do ghnó agus do thurasóireacht na hÉireann, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí nua idir tíortha trí Choimisiúin Chomhpháirteacha Eacnamaíochta.
- Níos mó cosán a fhorbairt d'infheistíocht isteach agus ó SAM, leibhéil foirne Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann a mhéadú chun cur lenár láithreacht taidhleoireachta ansin.

# Ár Straitéis a Bhaint Amach

Tá an Roinn eagraithe i naoi rannán agus tá duine atá ag feidhmiú ag leibhéal Rúnaí Cúnta i gceannas ar gach rannán. Cuirfidh an Rúnaí Cúnta an straitéis seo i gcrích trí chomhoibriú maidir le spriocanna leathana.

1. An Rannán um Thrádáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht
2. An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
3. An Rannán Digiteach agus IS
4. An Rannán um Straitéis Fiontair, Iomaíochais agus Meastóireachta
5. An Rannán um Rialachán AE agus Trádála
6. An Rannán Nuálaíochta agus Infheistíochta Isteach
7. An Rannán Fiontair Éireannaigh
8. An Rannán Forbartha Turasóireachta agus Trádála
9. An Rannóg um Rialáil san Áit Oibre agus Imirce Eacnamaíoch

Mar Roinn, i ngach Rannán, Oifig agus Gníomhaireacht, oibreoimid le chéile chun a chinntiú gurb í Éire an áit is fearr chun a bheith ag obair, chun gnó a dhéanamh agus chun cuairt a thabhairt uirthi. Léireofar agus tuairisceofar dul chun cinn mar seo a leanas:

- Tuarascáil Bhliantúil na Roinne, ina mbeidh sonraí maidir leis an dul chun cinn a rinneadh gach bliain i ndáil leis na cuspóirí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha atá le fáil sa Ráiteas Straitéise seo.
- Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí, ina leagtar amach an tslí ar leithdháileadh agus ar úsáideadh cistí poiblí, agus ina ndéantar cur síos ar aschuir agus ar thionchair chláir na Roinne.
- Tá an raon táscairí a bhaineann leis na trí chlár caiteachais leagtha amach mar chuid d'Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe na Roinne.
- Is féidir rochtain a fháil ar Dheais Sonraí ár Roinne ar ár suíomh gréasáin www.enterprise.gov.ie.
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn faoin bPáipéar Bán ar an bhFiontraíocht, Plean Gníomhaíochta maidir le hIomaíochas agus Táirgiúlacht agus Fiontraíocht 2035.

Mar bhonn le cuspóirí na straitéise seo a chomhlíonadh tá ár Straitéis Seirbhísí Corparáideacha 2025-2028 ina leagtar amach an tslí a gcuirfimid ar chumas ár mball foirne ár spriocanna gnó a chomhlíonadh, agus na caighdeáin rialachais agus chobhsaíochta is airde a chothabháil ag an am céanna. Chomh maith leis sin, cuirfimid tús le hAthbhreithniú ar Chumas Eagraíochtúil in 2025 chun measúnú a dhéanamh ar chumas eagraíochta na Roinne an Ráiteas Straitéise seo a chomhlíonadh. Tacóidh an t-athbhreithniú seo lenár Roinn ullmhú do dhúshláin agus do dheiseanna amach anseo trí láidreachtaí agus réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt a shainaithint. Foilseoidh an Roinn Plean Gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme thorthaí an athbhreithnithe seo in 2026.

# Ár Luachanna agus Ár nDualgas Earnála Poiblí

## Ár Luachanna

Is iad seo a leanas luachanna na Roinne - Ionracas, Nuálaíocht, Comhoibriú, Tiomantas agus Meas.

Leagtar amach inár bPlean Gníomhaíochta um Chultúr agus Luachanna an tslí a bhfuil na luachanna seo cuimsithe inár n-iompar agus an tslí a mbímid ag obair. Tá sé mar aidhm againn feidhmiú mar rogha fostóra agus na daoine is cumasaí a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád chun an Straitéis seo a chur i gcrích. Ag teacht lenár n oibleagáidí faoin reachtaíocht um Chearta an Duine, glacfaimid leis go mbeidh luach ag baint le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus cearta an duine, agus tacóimid lena leithéid.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

De réir Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine nó faoin Dualgas Earnála Poiblí, comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse a chur chun cinn. Ag teacht lenár n-oibleagáidí faoin Acht, tá an Roinn tiomanta chun a chinntiú go gcomhlíonann ár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár seirbhísí, ceanglais i réimsí cearta an duine agus comhionannais.

### Measúnú

Go luath in 2025, rinneamar measúnú ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhí ábhartha d'fheidhmeanna na Roinne agus is féidir teacht air sin ar ár suíomh gréasáin ag Measúnú Comhionannais agus Cearta Daonna - RFTF.

### Gníomhartha

Thar shaolré na straitéise seo, cuirfimid dlús leis na gníomhartha atá sainaitheanta sa Mheasúnú Comhionannais agus Cearta Daonna agus i Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht na Roinne araon. Déanfar dul chun cinn na ngníomhaíochtaí sin a thuairisciú i dtuarascáil bhliantúil na roinne. Leanaimid de luach a chur ar chomhionannas, ionchuimsitheacht agus cearta daonna agus iad a chur chun cinn trínár bhforbairt ar bheartas agus reachtaíocht agus trínár rannpháirtíocht ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim iltaobhacha. Más cuí agus infheidhme, mar Roinn, déanfaimid breithniú freisin ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga inár gcuid oibre mar a shamhlaítear i bPlean Gníomhaíochta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2024 – 2028 an Rialtais.

# Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

Mar Roinn táimid tiomanta do bheith ag obair le chéile ar fud an Rialtais chun tacú lenár ngeilleagar agus ár sochaí, agus chun timpeallacht dhearfach a sholáthar inar féidir le fiontraíocht, turasóireacht agus fostaíocht a bheith faoi bhláth. Oibreoimid le agus tacóimid le Ranna agus le comhlachtaí Stáit eile chun dlús a chur lenár gcuspóirí straitéiseacha.

**Tá an obair atá á déanamh ag a gníomhaireachtaí agus oifigí ag tacú le sainordú na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.**

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)

Clárlann na gCara-Chumann

Cláraitheoir Úinéireachta Tairbhiúla

Coimisiún um an Ghaol san Áit Oibre

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann

An Chúirt Oibreachais

An t Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Fiontraíocht Éireann

Údarás Náisiúnta um Chaighdeán na hÉireann

An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail

An Coimisiún um Iomaíocht agus um Chosaint Tomhaltóirí

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

An Bord um Réiteach Díobhálacha

Fáilte Éireann

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland